AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2026
COM(2026) 473 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle

lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht pháirteach faoin ochtú tráthchuid de Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

An 24 Lúnasa 2026, thíolaic an Úcráin iarraidh ar íocaíocht cuid den chúigiú, den seachtú agus den ochtú tráthchuid de Phlean na hÚcráine, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792 an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1]. Chun tacú leis an iarraidh ar íocaíocht, thug an Úcráin údar le comhlíonadh sásúil céim amháin sa chúigiú tráthchuid, trí chéim sa seachtú tráthchuid agus ceithre chéim san ochtú tráthchuid mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an measúnaithe ar Phlean na hÚcráine[2], arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1923 ('an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle')[3]. Chuir an Úcráin fianaise ar fáil freisin maidir le trí chéim sa naoú tráthchuid.

Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Úcráin, meastar go bhfuil trí chéim den ochtú tráthchuid comhlíonta go sásúil.

- Céim 5.1, a bhaineann le measúnú athléimneachta an chórais baincéireachta a fhoilsiú
- Céim 8.5, a bhaineann le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi oibreacha innealtóireachta seachtracha.
- Céim 12.6, a bhaineann le foilsiú na tuarascála ar chur chun feidhme na tacaíochta stáit tríd an gClár Talmhaíochta poiblí.

Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún nach leor an fhianaise a soláthraíodh le haghaidh ceann de na céimeanna is gá don ochtú tráthchuid chun teacht ar an gconclúid go bhfuil sí comhlíonta go sásúil (céim 1.5 a bhaineann leis an gCóras Faisnéise um Bainistiú Acmhainní Daonna).

Thairis sin, léiríonn an fhaisnéis a chuir an Úcráin ar fáil gur comhlíonadh go sásúil céim amháin den chúigiú tráthchuid agus trí chéim den seachtú tráthchuid.

- Céim 3.5, a bhaineann le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena n-athbhreithnítear dearbhuithe ionracais na mbreithiúna agus na próisis fíorúcháin a bhaineann leo.
- Céim 10.7, a bhaineann le hoibreoir nua sa mhargadh leictreachais a cheapadh.

---

[1] Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj). Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CONSIL%3AST_9492_2024_ADD_1&qid=1716536456361.

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1923 ón gComhairle an 30 Iúil 2026 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2026/1923, 7.8.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1923/oj).

- Céim 10.14, a bhaineann le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena dtacaítear le téamh ceantair éifeachtúil agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.
- Céim 11.3, a bhaineann le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le sábháilteacht tráchta agus idir-inoibritheacht iompar iarnróid na hÚcráine laistigh de 3 bliana ó dháta a glactha.

Ina theannta sin, agus i gcomhréir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh páirteach na gcéimeanna faoi Phlean na hÚcráine, dhearbhaigh an Úcráin na céimeanna seo a leanas atá sceidealaithe don naoú tráthchuid mar chéimeanna lena mbreithniú mar thosca maolaitheacha féideartha:

- Céim 5.5, a bhaineann le teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí chun feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha;
- Céim 7.20, a bhaineann le formheas an Phlean Oibríochtúil Beart chun an bhearna phá idir na hinscní a shárú don tréimhse go dtí 2030; agus
- Céim 15.11, a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar an Rún maidir leis an Nós Imeachta um Fhaireachán ar Uisce Stáit.

Mar chuid de **Chaibidil 3** maidir leis an gcóras breithiúnach, tháinig an reachtaíocht lena n-athbhreithnítear dearbhuithe ionracais na mbreithiúna agus na próisis fíorúcháin a bhaineann leo i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 5** maidir le margaí airgeadais, foilsíodh an measúnú athléimneachta ar na bainc is mó sa chóras baincéireachta.

Mar chuid de **Chaibidil 7** maidir le caipiteal daonna, glacadh an plean oibríochtúil beart chun an Straitéis Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse go dtí 2030 a chur chun feidhme in 2026-2028.

Mar chuid de **Chaibidil 8** maidir leis an timpeallacht ghnó, tháinig an reachtaíocht maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi oibreacha innealtóireachta seachtracha i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 10** maidir leis an earnáil fuinnimh, glacadh an reachtaíocht lena dtacaítear le téamh ceantair éifeachtúil agus níos inbhuanaithe a fhorbairt agus tháinig sí i bhfeidhm; agus ceapadh oibreoir nua sa mhargadh leictreachais.

Mar chuid de **Chaibidil 11** maidir leis an earnáil iompair, glacadh an reachtaíocht maidir le sábháilteacht tráchta agus idir-inoibritheacht iompar iarnróid na hÚcráine agus tháinig sí i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 12** maidir leis an earnáil agraibhia, foilsíodh an tuarascáil maidir le cur chun feidhme na tacaíochta stáit tríd an gClár Talmhaíochta poiblí.

Mar chuid de **Chaibidil 15** maidir leis an aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil, glacadh an reachtaíocht lena leasaítear an Nós Imeachta um Fhaireachán ar Uisce Stáit.

Céim 3.5

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena n-athbhreithnítear dearbhuithe ionracais na mbreithiúna agus na próisis fíorúcháin a bhaineann leo
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 1. Feabhas a chur ar chuntasacht, ar ionracas agus ar ghairmiúlacht na mbreithiúna
Arna maoiniú ó: iasacht/tacaíocht neamh-inaisíoctha
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 3.5 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *Teacht i bhfeidhm dhlíthe agus fhodhlíthe Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna lena ndéanfar athbhreithniú ar dhearbhuithe ionracais na mbreithiúna agus ar a bpróiseas fíorúcháin. Leis na gníomhartha dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:* *- soiléiriú ar inneachar na ndearbhuithe ionracais agus ar an bhforas chun an fíorúchán a thionscnamh;* *- leathnú na tréimhse ama a chumhdófar leis an bhfíorúchán;* *- feabhas a chur ar an nós imeachta fíorúcháin trí na sásraí fíorúcháin agus na sprioc-amanna a shonrú, cearta agus oibleagáidí na ndaoine agus na n-eintiteas a mbeidh baint acu leis an bpróiseas fíorúcháin a shainiú, iarmhairtí dlíthiúla an fhíorúcháin a shoiléiriú.'* Ní mór ceanglais na céime sin a léamh i gcomhar leis an Tuairim Chomhpháirteach ó Choimisiún na Veinéise agus ón Ard-Stiúrthóireacht um Chearta an Duine agus um an Smacht Reachta (DGI) de chuid Chomhairle na hEorpa maidir le dréachtleasuithe ar Nósanna Imeachta Araíonachta in aghaidh Breithiúna, Dearbhuithe Ionracais, agus Nósanna Imeachta eile mhí Dheireadh Fómhair 2025 (CDL-AD(2025)044; an Tuairim Chomhpháirteach anseo feasta), lena soiléirítear a thuilleadh na caighdeáin Eorpacha maidir le dearbhuithe ionracais breithiúna agus lena leagtar síos teorainneacha nithiúla don ionstraim sin. Tá céim 3.5 ar cheann de na seacht gcéim faoi Athchóiriú 1 de Chaibidil 3 (An córas breithiúnach agus cearta an duine). Ina dhiaidh sin, tá céim 3.15 maidir le hoibríochtú na Cúirte Riaracháin Dúiche Speisialaithe agus na Cúirte Riaracháin Achomhairc Speisialaithe (atá dlite faoi R4 2026) agus céim 3.16 maidir le teacht i bhfeidhm reachtaíochta lena leathnaítear rannpháirtíocht saineolaithe neamhspleácha arna n-ainmniú ag comhpháirtithe idirnáisiúnta i roghnú chomhaltaí Choimisiún Ardcháilíochta Bhreithiúna na hÚcráine (atá dlite faoi R4 2026).
An fhianaise a soláthraíodh 1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; 2) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4905-IX 'Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine "Maidir leis na Breithiúna agus Stádas na mBreithiúna" agus Roinnt Dlíthe de chuid na hÚcráine maidir le Dearbhuithe Ionracais Breithiúnaí agus Nasc Teaghlaigh Breithiúnaí a Fheabhsú' an 9 Meitheamh 2026; 3) Cóip den chinneadh ó Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna Uimh. 88/ZP-26 'Maidir le Formheas Foirmeacha Dearbhuithe Ionracais

agus Nasc Teaghlaigh agus Rialacha chun iad a Chomhlánú' dar dáta an 8 Iúil 2026;

4) Cóip den chinneadh ó Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna Uimh. 89/ZP-26 'Maidir le Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna, arna bhformheas le Cinneadh ó Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna Uimh. 81/ZP-16 dar dáta an 13 Deireadh Fómhair 2016 (arna leasú le Cinneadh ó Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna Uimh. 119/ZP-23 dar dáta an 19 Deireadh Fómhair 2023, arna leasú), agus ar rialacháin eile ó Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna i ndáil le teacht i bhfeidhm Dhlí na hÚcráine "Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine 'Maidir leis na Breithiúna agus Stádas na mBreithiúna'" agus Dhlí na hÚcráine "Maidir le hArdchomhairle an Cheartais maidir le Dearbhuithe Ionracais Breithiúna agus Nasc Teaghlaigh a Fheabhsú" dar dáta an 9 Meitheamh 2026 Uimh. 4905-IX' dar dáta an 8 Iúil 2026.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 3.5.

Tá sé de chuspóir ag Athchóiriú 1 cuntasacht, ionracas agus gairmiúlacht na mbreithiúna a fheabhsú agus muinín an phobail as na breithiúna a chothú trí thús a chur arís le roghnú trédhearcach na mbreithiúna ar bhonn fiúntais, trí bhorradh a chur faoin meastóireacht cháilíochta a dhéantar ar bhreithiúna ina suí, tríd an gcóras freagrachta araíonachta a neartú, uirlisí um ionracas breithiúnach atá ann cheana a threisiú, agus cúirt nua a bhunú chun cásanna riaracháin a bhainfidh le gníomhaireachtaí stáit a éisteacht.

Ba cheart ceanglais na céime sin a léamh i gcomhar leis an Tuairim Chomhpháirteach ó Choimisiún na Veinéise agus ón Ard-Stiúrthóireacht um Chearta an Duine agus um an Smacht Reachta (DGI) de chuid Chomhairle na hEorpa maidir le dréachtleasuithe ar Nósanna Imeachta Araíonachta in aghaidh Breithiúna, Dearbhuithe Ionracais, agus Nósanna Imeachta eile mhí Dheireadh Fómhair 2025 (CDL-AD(2025)044; an Tuairim Chomhpháirteach anseo feasta), lena soiléirítear a thuilleadh na caighdeáin Eorpacha maidir le dearbhuithe ionracais breithiúna agus lena leagtar síos teorainneacha nithiúla don ionstraim sin.

Chuige sin, an 9 Meitheamh 2026, ghlac Parlaimint na hÚcráine Dlí na hÚcráine Uimh. 4905-IX 'Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine "Maidir leis na Breithiúna agus Stádas na mBreithiúna" agus Dlíthe Áirithe de chuid na hÚcráine maidir le Dearbhuithe Ionracais na mBreithiúna agus Nasc Teaghlaigh na mBreithiúna a Fheabhsú'. Tháinig an dlí i bhfeidhm an 25 Meitheamh 2026.

Tugtar soiléirithe agus feabhsuithe sa dlí ar phróiseas fíoraithe na ndearbhuithe ionracais agus cuirtear deireadh le nósanna imeachta dúblacha trí údaráis éagsúla, e.g. nósanna imeachta a bhaineann le dearbhuithe sócmhainní a fhíorú.

Soiléirítear leis an dlí inneachar an dearbhaithe ionracais agus nasc teaghlaigh trí na ráitis atá le cur san áireamh sa dearbhú a liostú go sainráite. Soiléirítear a thuilleadh inneachar na ndearbhuithe ionracais trí roinnt ráiteas a bhaint, amhail ráitis maidir le sócmhainní airgeadais, agus trí ráitis nua a chur isteach an tráth céanna amhail ráitis maidir le húsáid na hÚcráinise mar an t-aon teanga stáit i riaradh an cheartais agus maidir leis an easpa gníomhaíochtaí chun saoránacht (náisiúntacht) stáit eachtraigh a fháil. Tugtar aghaidh leis sin ar mholadh na Tuairime Comhpháirtí liosta uileghabhálach ráiteas is féidir a iarraidh a chinneadh de réir an dlí.

Maidir leis an tréimhse a chumhdaítear leis an bhfíorú, leagtar amach sa Tuairim Chomhpháirteach 'gur cheart an fhéidearthacht iniúchadh a dhéanamh ar na dearbhuithe a

mhionsonrú sa dlí féin, lena ngabhfadh teorainneacha ama soiléire le haghaidh gach fíorúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh […].' Foráiltear leis an dlí go bhféadfar dearbhú ionracais agus nasc teaghlaigh breithimh a thionscnamh tráth nach déanaí ná 3 bliana ón dáta a chuirtear an dearbhú isteach, rud atá réasúnach ós rud é go bhfuil cosc ama ar nósanna imeachta araíonachta tar éis 3 bliana freisin.

Maidir leis na tréimhsí a chumhdaítear leis an dearbhú féin, soiléirítear leis an dlí na tréimhsí ama sin, ag brath ar na ráitis faoi seach. Cumhdaíonn formhór na ráiteas tréimhse aon bhliana amháin, tréimhse atá réasúnach ós rud é nach mór na dearbhuithe a chur isteach go bliantúil. Tugadh tréimhse fhadaithe don ráiteas a tugadh isteach le déanaí maidir le comhar leis an stát is ionsaitheoir, tréimhse a thosaíonn i mí Feabhra 2014, agus i bhfianaise chomhthéacs reatha an chogaidh is cosúil go bhfuil údar maith leis sin. Leagtar síos sa dlí freisin tréimhse 5 bliana le haghaidh inneachar an dearbhaithe i gcás breithiúna a théann isteach sa chóras (breithiúna is iarrthóirí), gné nach raibh sa dlí roimhe sin.

Leis an dlí, cuirtear feabhas ar an nós imeachta fíorúcháin trí na sásraí fíorúcháin a shonrú, na sprioc-amanna a shoiléiriú agus cearta agus oibleagáidí na ndaoine agus na n-eintiteas a bhfuil baint acu leis an bpróiseas fíorúcháin a shainiú. Mar a leagtar amach sa Tuairim Chomhpháirteach, 'is díol sásaimh do Choimisiún na Veinéise agus do DGI, *inter alia*, na forálacha lena dtugtar teideal do bhreitheamh eolas a chur ar ábhair agus ar thorthaí fhíorú a ndearbhuithe [...], ceart an bhreithimh aighneachtaí ó bhéal agus i scríbhinn a chur ar fáil [...], an ceart achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh [...]'. Coinníodh na feabhsuithe sin sa dlí a glacadh.

Foráiltear leis an dlí gurb é 6 mhí ón dáta a tionscnaíodh é an tréimhse chun an fíorú a dhéanamh. Soiléirítear leis an dlí cearta na mbreithiúna a bhfuil baint acu leis an bpróiseas fíorúcháin trína fhoráil gur féidir le hArd-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna dul ar aghaidh le torthaí an fhíoraithe a thabhairt chun críche, i gcás mainneachtain chórasach (trí huaire) freastal, gan beann ar an gcúis atá leis an neamhláithreacht. Soiléirítear leis an dlí freisin iarmhairtí dlíthiúla an fhíoraithe. Foráiltear leis gur féidir cinntí Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna maidir le dearbhuithe míchruinne, neamhiomlána nó míthráthúla a mheas le linn dul chun cinn gairme breithiúnach, ceapacháin bhreithiúnacha nó nósanna imeachta roghnúcháin breithiúnacha. Thairis sin, foráiltear leis gur cheart cinneadh réasúnaithe Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna maidir le torthaí an fhíoraithe a áireamh i sainchomhad an bhreithimh, lena n-áirítear i gcásanna ina ndéantar achomharc i gcoinne cinneadh den sórt sin, chun iomláine agus trédhearcacht a áirithiú.

I gcomhréir leis an dlí, ghlac Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna cinneadh Uimh. 88/ZP-26 lena bhformheastar foirm na ndearbhuithe ionracais agus nasc teaghlaigh breithimh agus iarrthóra ar phost breithimh, agus na rialacha maidir le dearbhú ionracais agus nasc teaghlaigh breithimh agus iarrthóra ar phost breithimh a líonadh isteach agus a chur isteach. Ghlac Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna cinneadh Uimh. 89/ZP-26 freisin lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna, an Rialachán maidir leis an gCóras Uathoibrithe chun Comhaltaí Ard-Choimisiún na hÚcráine maidir le Cáilíocht na mBreithiúna a Chinneadh i ndáil le hUllmhúchán do Bhreithniú agus le Tuairisciú Cásanna, agus na Rialacháin maidir leis an gComórtas le haghaidh Folúntais Bhreithiúnacha lena n-áirithítear cur chun feidhme an dlí.

Tá an measúnú thuas bailí i gcomhthéacs chur chun feidhme Phlean na hÚcráine. I gcomhthéacs aontachas leis an Aontas, déanfar faireachán leanúnach ar chur chun feidhme na reachtaíochta sin agus ar fheidhmiú éifeachtach na n-uirlisí ionracais san earnáil ceartais.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 5.1

Ainm na céime: Foilseofar an measúnú ar athléimneacht sa chóras baincéireachta
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 1. Measúnú ar an earnáil baincéireachta
Arna maoiniú ó: iasacht
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 5.1 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'Foilseoidh Banc Náisiúnta na hÚcráine (NBU) an Measúnú ar Athléimneacht na mbanc is mó sa chóras baincéireachta (ó thaobh sócmhainní de) lena n-áireofar tástáil struis faoin gcás díobhálach, agus torthaí d'Athbhreithniú neamhspleách ar Cháilíocht Sócmhainní más féidir é sin a dhéanamh ag brath ar na dálaí.'* Is é céim 5.1 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 i gCaibidil 5 (caipiteal daonna).
An fhianaise a soláthraíodh 1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; 2) Cóip den tuarascáil 'Resilience Assessment of Ukraine's Banks' [Measúnú ar Athléimneacht Bhainc na hÚcráine], an 29 Nollaig 2025.
Anailís Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 5.1. Is é is cuspóir d'Athchóiriú 1 filleadh ar an bpróiseas measúnaithe tráthrialta, leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de mhórbhainc a shainaithint, agus athléimneacht an chórais baincéireachta san Úcráin a áirithiú. Chuige sin, d'fhoilsigh Banc Náisiúnta na hÚcráine an tuarascáil dar teideal 'Measúnú ar Athléimneacht Bhainc na hÚcráine' an 29 Nollaig 2025. Tugtar meastóireacht mhionsonraithe uile-chórais sa tuarascáil ar fhóntacht airgeadais na mbanc, meastóireacht atá bunaithe ar chásanna maicreacnamaíocha bunlíne agus díobhálacha araon. Ionchorpraítear sa chás díobhálach turraingí diana ach sochreidte, lena n-áirítear meath ar dhálaí maicreacnamaíocha, brúnna ar an ráta malairte, agus teacht chun cinn riosca creidmheasa, rud a fhágann gur féidir measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht caipitil na mbanc faoi dhálaí struis. Áirítear sa mheasúnú ar athléimneacht na torthaí tástála struis de réir an bhainc, lena ndéantar meastóireacht ar thionchar an cháis dhíobhálaigh ar shuíomhanna caipitil, ar bhrabúsacht agus

ar neamhchosaint ar riosca. Tá an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm comhsheasmhach, rud a áirithíonn inchomparáideacht agus stóinseacht na dtorthaí. Nochtann an foilseachán torthaí bainc comhiomlána agus, i gcás inarb iomchuí, torthaí bainc aonair, rud a fheabhsaíonn trédhearcacht.

Mar gheall ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus na teorainneacha gaolmhara maidir le cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh, níor ceadaíodh leis na dálaí Athbhreithniú neamhspleách ar Cháilíocht Sócmhainní a dhéanamh. Mar sin féin, ionchorpraítear sa mheasúnú eilimintí d'Athbhreithniú ar Cháilíocht Sócmhainní, agus béim ar leith á leagan ar phunanna creidmheasa, neamhchosaintí neamhthuillmheacha, luacháil comhthaobhachta, agus leordhóthanacht soláthair. Tá an t-athbhreithniú sin bunaithe ar shonraí maoirseachta agus ar dhiagnóisic spriocdhírithe.

Ar an iomlán, deimhnítear sa tuarascáil fhoilsithe go ndearna agus gur nocht Banc Náisiúnta na hÚcráine measúnú ar athléimneacht ar na bainc is mó, lena n-áirítear tástáil struis faoi chás díobhálach agus meastóireacht ar cháilíocht sócmhainní atá comhsheasmhach le ceanglais na céime.

Mar chuid de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1204 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2026 lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha maidir le híocaíocht pháirteach an seachtú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, cuireadh an chéim sin san áireamh mar thoisc mhaolaitheach, i gcomhréir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh páirteach na gcéimeanna faoi Phlean na hÚcráine, chun críocha chur i bhfeidhm an Chinnidh sin agus chun na gcríoch sin amháin. Níor tháinig aon athrú ar an measúnú ar an gcéim sin ó glacadh an Cinneadh sin.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 8.5

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi oibreacha innealtóireachta seachtracha

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 3. Rochtain ar mhaoiniú agus ar mhargaí.

Arna maoiniú ó: iasacht/tacaíocht neamh-inaisíoctha

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 8.5 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Teacht i bhfeidhm Dhlí na hÚcráine "Maidir le Leasuithe ar Dhlíthe Áirithe de chuid na hÚcráine i Réimsí an Fhuinnimh agus an tSoláthair Teasa maidir le Feabhsú Forálacha Áirithe a bhaineann le Gníomhaíocht Eacnamaíoch agus leis an Dlí Airm san Úcráin", mar aon le leasuithe ar Dhlíthe na hÚcráine "Maidir le hUisce Óil agus Soláthar Uisce Óil," "Maidir le Soláthar Teasa," "Maidir leis an Margadh Gáis Nádúrtha," "Maidir leis an Margadh Leictreachais," agus "Maidir le Rialáil na Forbartha Uirbí," chomh maith le reachtaíocht thánaisteach earnála ábhartha. Leis na hathruithe reachtacha dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:
- rochtain oscailte ar fhaisnéis faoi líonraí innealtóireachta seachtracha trí chláir leictreonacha phoiblí, má cheadaítear sin de bharr na staide slándála, rud a chinnfear i bhforálacha ábhartha na leasuithe ar an ngníomh dlí nó ar na gníomhartha dlí, chomh

maith le nós imeachta simplithe nó nósanna imeachta simplithe chun nascadh le líonraí innealtóireachta seachtracha;
- faisnéis faoi líonraí innealtóireachta seachtracha a chur san a áireamh i gcláir leictreonacha phoiblí d'úinéireacht stáit, má cheadaítear sin de bharr na staide slándála, rud a chinnfear i bhforálacha ábhartha an leasaithe ar an ngníomh dlí nó ar na gníomhartha dlí;
- faisnéis a chur isteach i gcláir leictreonacha phoiblí de mhaoin stáit maidir le criosanna cosanta líonraí innealtóireachta seachtracha.'

Is é céim 8.5 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 3 de Chaibidil 8 (an Timpeallacht Ghnó).

An fhianaise a soláthraíodh

1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
2) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4213-IX 'Maidir le Leasuithe ar Dhlíthe Áirithe de chuid na hÚcráine i Réimsí an Fhuinnimh agus an tSoláthair Teasa i ndáil le Feabhas a Chur ar Fhorálacha Áirithe a Bhaineann le Gníomhaíocht Eacnamaíoch agus leis an Dlí Airm san Úcráin', dar dáta an 14 Eanáir 2025.
3) Cóip de Rún Uimh. 950 ó Chomh-Aireacht na nAirí 'Maidir le Leasuithe ar Rúin Áirithe ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine maidir le Simpliú an Nós Imeachta um Shaoráidí a Nascadh le Líonraí Fóntais', dar dáta an 15 Iúil 2026.

Anailís
Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 8.5

Is é is cuspóir d'athchóiriú 3 cabhrú leis an earnáil phríobháideach trí rochtain ar mhargaí agus ar mhaoiniú. Tháinig Dlí na hÚcráine Uimh. 4213-IX i bhfeidhm an 15 Eanáir 2025. Tugtar isteach leis an dlí oibleagáidí ar fud na líonraí soláthair uisce, teasa agus gáis trí leasuithe ar an reachtaíocht earnálach faoi seach lena gceanglaítear ar oibreoirí líonra faisnéis a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar a suíomhanna gréasáin maidir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun nascadh leis na líonraí sin. Tugtar isteach leis na leasuithe seo a leanas:

Forlíontar Airteagal 29 de Dhlí na hÚcráine 'Maidir le hUisce Óil agus Soláthar Uisce Óil' le ceanglais ar eintitis a oibríonn líonraí láraithe soláthair uisce chun faisnéis maidir le nascadh agus faisnéis ina bhfuil tagairtí geografacha do ghnéithe dá gcórais a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta trí Chóras Faisnéise Geografaí, agus chun comhtháthú na faisnéise sin leis an ngeothairseach náisiúnta oifigiúil um shonraí geospásúla, leis an gcadastar pleanála uirbí agus le Córas Aontaithe Leictreonach an Stáit san Earnáil Foirgníochta a chumasú.

Forlíontar Airteagal 21 de Dhlí na hÚcráine 'Maidir le Soláthar Teasa' le ceanglais chomhchosúla le haghaidh eintitis a iompraíonn fuinneamh teirmeach chun faisnéis maidir le coinníollacha nasctha agus eilimintí a gcóras soláthair teasa a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta trí Chóras Faisnéise Geografaí agus chun comhtháthú leis an ngeothairseach náisiúnta um shonraí geospásúla, leis an gcadastar pleanála uirbí agus le Córas Aontaithe Leictreonach an Stáit san Earnáil Foirgníochta a chumasú.

Forlíontar Airteagal 19-1 de Dhlí na hÚcráine 'Maidir leis an Margadh Gáis Nádúrtha' le ceanglais ar oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis chun faisnéis a fhoilsiú agus a

thabhairt cothrom le dáta maidir le coinníollacha nasctha agus chun Córas Faisnéise Geografaí a chruthú dá gcórais tarchurtha/dáilte gáis. Ní mór toipeolaíocht na líonraí, teorainneacha chriosanna cosanta na bpríomhphíblínte gáis agus na bpríomhchóras dáileacháin gáis, an acmhainn theicniúil atá ar fáil, saintréithe, suíomh agus fad na bpíblínte, i measc nithe eile, a áireamh sa Chóras Faisnéise Geografaí. Ní mór an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí agus a chomhtháthú leis an ngeothairseach náisiúnta um shonraí geospásúla, leis an gcadastar pleanála uirbí agus le Córas Aontaithe Leictreonach an Stáit san Earnáil Foirgníochta.

Leasaítear Airteagal 21 de Dhlí na hÚcráine 'Maidir leis an Margadh Leictreachais' chun nós imeachta nasctha trédhearcach neamh-idirdhealaitheach a bhunú agus chun ábhair nós imeachta, coinníollacha nasctha agus comhaontuithe caighdeánacha nasctha a rialáil. Déantar é a leasú a thuilleadh trína cheangal ar oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin Córas Faisnéise Geografaí a chruthú dá mbonneagar leictreachais. Ní mór toipeolaíocht an líonra, teorainneacha criosanna cosanta líonraí leictreachais, saintréithe teicniúla, faisnéis maidir leis an acmhainn atá ar fáil/an acmhainn chúltaca agus coinníollacha teicniúla nasctha arna n-eisiúint, chomh maith le faisnéis shonraithe maidir le fostáisiúin agus línte leictreachais, *inter alia*, a bheith sa Chóras Faisnéise Geografaí. Ní mór an fhaisnéis a fhoilsiú agus ní mór sonraí an Chórais Faisnéise Geografaí a chomhtháthú leis an ngeothairseach náisiúnta oifigiúil um shonraí geospásúla, leis an gcadastar pleanála uirbí agus le Córas Aontaithe Leictreonach an Stáit san Earnáil Foirgníochta.

Forlíontar Airteagal 22 de Dhlí na hÚcráine 'Maidir le Draenáil Uisce agus Cóireáil Fuíolluisce' le ceanglais le haghaidh oibreoirí fuíolluisce láraithe chun faisnéis maidir le coinníollacha nasctha agus faisnéis ina bhfuil tagairtí geografacha dá gcórais a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta trí Chóras Faisnéise Geografaí agus chun comhtháthú leis an ngeothairseach náisiúnta um shonraí geospásúla, leis an gcadastar pleanála uirbí agus le Córas Aontaithe Leictreonach an Stáit san Earnáil Foirgníochta a chumasú.

Leasaítear Airteagal 30(7) de Dhlí na hÚcráine 'Maidir le Rialáil na Forbartha Uirbí' chun coinníollacha teicniúla le haghaidh naisc líonra don chustaiméir a dhéanamh níos cobhsaí agus níos intuartha.

Maidir leis an nós imeachta simplithe chun nascadh le líonraí innealtóireachta seachtracha, bhunaigh an Coimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais na nósanna imeachta nasctha le haghaidh leictreachais, gás nádúrtha agus soláthar teasa, lena n-áirítear an ceanglas go ndéanfaí na nósanna imeachta sin a dhigitiú, cé go rialaítear an nascadh le líonraí uisce agus séarachais le hachtanna Chomh-Aireacht na nAirí, agus nár bunaíodh aon nós imeachta maidir le nasc digiteach. Faoin Dlí 'Maidir le Rialáil na Forbartha Uirbí', déantar na coinníollacha teicniúla agus an doiciméadacht deartha chun nascadh le líonraí innealtóireachta trí Chóras Aontaithe Leictreonach an Stáit san Earnáil Foirgníochta, ach ní chumhdaítear gnéithe eile den phróiseas nasctha. Chun na bearnaí sin a líonadh agus chun an córas chun nascadh le líonraí innealtóireachta seachtracha a shimpliú, rinneadh leasuithe ar an Rún ó Chomh-Aireacht na nAirí 'Nós imeachta chun Córas Aontaithe Leictreonach an Stáit san Earnáil Foirgníochta a choinneáil ar bun' agus 'Nós imeachta chun nascadh le Soláthar Uisce Láraithe agus/nó Líonraí Séarachais Láraithe' trí Rún ó Chomh-Aireacht na nAirí Uimh. 950, chun foráil a dhéanamh a) maidir le digitiú an nós imeachta chun nascadh le líonraí uisce agus séarachais trí Chóras Aontaithe Leictreonach an Stáit san Earnáil Foirgníochta agus b) maidir le hionad ilfhreastail a chruthú i gCóras Aontaithe Leictreonach an Stáit lena soláthraítear rochtain ar fhaisnéis maidir leis an nós imeachta chun nascadh le gach líonra innealtóireachta seachtrach

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 10.7

Ainm na céime: Oibreoir nua sa mhargadh leictreachais a cheapadh
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 3: Athchóiriú ar mhargadh an leictreachais
Arna maoiniú ó: iasacht
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 10.7 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'Oibreoir ainmnithe sa mhargadh leictreachais a cheapadh arna ainmniú ag an gCoimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais (NEURC).'* Is é céim 10.7 an tríú céim d'athchóiriú 3. Roimhe sin bhí céim 10.8 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta tánaistí maidir le dlí REMIT agus céim 10.5 a bhaineann le teacht i bhfeidhm an dlí maidir leis an bPacáiste Comhtháthaithe Leictreachais a thrasuí. Ina dhiaidh sin, beidh céim 10.6 lena gceanglaítear teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena n-athraítear an córas cánachais indírigh ar rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais agus céim 10.18 maidir le teacht i bhfeidhm reachtaíocht thánaisteach dhlí Uimh. 4834/IC maidir le trasuí an Phacáiste Comhtháthaithe Leictreachais.
An fhianaise a soláthraíodh 1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; 2) Cóip de rún Uimh. 1390 an 18 Lúnasa 2026, lena gceaptar an chuideachta comhstoic 'Market Operator' mar oibreoir ainmnithe sa mhargadh leictreachais. 3) Rún Uimh. 1089 ó NEURC an 7 Iúil 2026 maidir le formheas an nós imeachta chun oibreoir ainmnithe sa mhargadh leictreachais a cheapadh, a ghníomhaíochtaí a chur ar fionraí, a fheidhmeanna a fhoirceannadh agus faireachán a dhéanamh ar a ghníomhaíochtaí, dar dáta an 7 Iúil 2026.
Anailís Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 10.7. Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 10.7. Is é is aidhm d'athchóiriú 3 feabhas a chur ar an gcreat rialála le haghaidh na hearnála fhuinnimh san Úcráin, lena n-áirítear tacú le comhtháthú mhargaí na hÚcráine agus na hEorpa. Is éard atá i gceist leis an gcéim sin oibreoir nua sa mhargadh leictreachais arna dhearadh ag NEURC a cheapadh. An 18 Lúnasa 2026, tar éis rún Uimh. 1089 an 7 Iúil 2026 a ghlacadh, lena leagtar amach na nósanna imeachta agus na coinníollacha chun oibreoir margaidh leictreachais a ainmniú,

cheap NEURC an chuideachta comhstoic ‘Market Operator’ mar oibreoir ainmnithe sa mhargadh leictreachais, mar a léirítear le Rún Uimh. 1390 an 18 Lúnasa 2026.
Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 10.14

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta chun tacú le téamh ceantair éifeachtúil níos inbhuanaithe a fhorbairt
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 6. Éifeachtúlacht fheabhsaithe i dtéamh ceantair
Arna maoiniú ó: iasacht
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 10.14 ar a dtugtar tuairisc san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *‘Teacht i bhfeidhm Dhlí na hÚcráine “Maidir le leasuithe ar roinnt Dlíthe de chuid na hÚcráine chun tacú le téamh ceantair atá éifeachtúil agus níos inbhuanaithe a fhorbairt”.* *Leis an dlí dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:* • *rialacha soiléire a leagan síos maidir le nasc/dínasc gréasáin, criosanna le haghaidh fhorbairt tosaíochta na gcóras téimh ceantair;* • *feabhas a chur ar na nósanna imeachta maidir le fostáisiúin teasa aonair a shuiteáil i mbloic árasán chun cianrialú ceart agus bainistíocht éilimh a áirithiú.'* Is é céim 10.14 an dara céim d’athchóiriú 6. Bhí Céim 10.13 roimhe lenar ceanglaíodh go nglacfadh Comh-Aireacht na nAirí clár eacnamaíoch spriocdhírithe an Stáit chun nuachóiriú fuinnimh a dhéanamh ar fhiontair giniúna teasa don tréimhse suas go dtí 2030. Ina dhiaidh sin tá céim 10.12 lena gceanglaítear cealú an mhoratóra ar tharaifí teasa agus uisce the atá ag ardú.
An fhianaise a soláthraíodh 1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; 2) Cóip de Dhlí Uimh. 4937-IX an 15 Iúil 2026 ‘Maidir le leasuithe ar roinnt Dlíthe de chuid na hÚcráine chun tacú le téamh ceantair atá éifeachtúil agus níos inbhuanaithe a fhorbairt’, dar dáta an 15 Iúil 2026; 3) Rún NEURC Uimh. 1823, lena leagtar amach na nósanna imeachta maidir le nascadh leis an líonra téimh, dar dáta an 4 Deireadh Fómhair 2023, arna leasú le rúin NEURC Uimh. 1140 an 19 Meitheamh 2024 agus Uimh. 370 an 10 Márta 2026 4) Rún NEURC Uimh. 888, lena leagtar amach róil na seirbhíse maidir le fuinneamh teirmeach a úsáid, dar dáta an 18 Meitheamh 2025
Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 10.14.

Is é cuspóir foriomlán an athchóirithe seo tacú le téamh ceantair éifeachtúil agus inbhuanaithe a fhorbairt trí rialacha soiléire maidir le nascadh agus dínascadh líonra, agus maidir le feabhas a chur ar nósanna imeachta chun fostáisiúin teasa aonair a shuiteáil i bhfoirgnimh ilárasán.

Chun an chéim a chomhlíonadh, rith údaráis na hÚcráine Dlí Uimh. 4937-IX an 15 Iúil 2026, a tháinig i bhfeidhm an 26 Iúil 2026. Leasaítear Dlí Uimh. 2633-IV 'Maidir le soláthar teasa' an 2 Meitheamh 2005 le Dlí 4937-IX/2026 tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- léiriú soiléir a thabhairt ar chumhacht an Choimisiúin Náisiúnta um Rialáil Stáit Fuinnimh agus Fóntas i Réimse an tSoláthair Teasa na nósanna imeachta maidir le nascadh leis an líonra téimh a shainiú agus a fhormheas, teimpléid chonartha a ullmhú, táillí nasctha a shainiú agus rialú ar a chomhlíonadh a áirithiú (Airteagal 16 de Dhlí 2633-IV/2005 arna leasú le hAirteagal 7 de Dhlí Uimh. 4973-IX/2026);
- an chumhacht a dheonú do chomhlachtaí féinrialtais áitiúla cláir áitiúla a fhormheas chun fostáisiúin téimh aonair atá nasctha le córais téimh ceantair a shuiteáil agus criosanna/críocha a shainaithint inarb iad córais téimh ceantair an t-aon mhodh soláthair teasa nó an príomh-mhodh soláthair teasa, agus cláir pleanála uirbí, máistirphleananna chun lonnaíochtaí a fhorbairt, scéimeanna soláthair teasa agus doiciméadacht pleanála uirbí eile á bhformheas (Airteagal 13 de Dhlí Uimh. 2633-IV/2005 arna leasú le hAirteagal 6 de Dhlí Uimh. 4973-2026).

Thairis sin, le hAirteagal 262 de Dhlí Uimh. 2633-IV/2005 arna leasú le hAirteagal 12 de Dhlí Uimh. 4937-IX/2026, cuirtear feabhas ar na nósanna imeachta maidir le fostáisiúin teasa aonair a shuiteáil agus a athsholáthar i bhfoirgnimh. I gcás foirgnimh (nó codanna d'fhoirgnimh) atá nasctha le córais téimh ceantair ach nach bhfuil fostáisiún teasa aonair feistithe iontu nó a bhfuil fostáisiún teasa aonair neamhrialáilte feistithe iontu, fágann sé gur féidir iad a fheistiú le fostáisiún teasa aonair i gcomhréir leis an nós imeachta arna fhormheas ag Comh-Aireacht Airí na hÚcráine, agus indéantacht theicniúil agus critéir indéantachta eacnamaíche á gcur san áireamh. Bunóidh an rialtas áitiúil buanchoimisiún, le rannpháirtíocht éigeantach ionadaí ón eagraíocht iompair teasa, chun indéantacht theicniúil agus inmharthanacht eacnamaíoch suiteála fostáisiúin teasa aonair a chinneadh.

Is féidir fostáisiúin teasa aonair atá nasctha le córais téimh ceantair a shuiteáil agus a athsholáthar ar thionscnamh úinéirí (comhúinéirí) na bhfoirgneamh sin, eagraíochta iompair teasa nó comhlachta féinrialtais áitiúil. Le hAirteagal 26 de Dhlí Uimh. 2633-IV/2005, arna leasú le hAirteagal 12 de Dhlí Uimh. 4937-IX/2026, sainmhínítear freisin cearta úinéireachta fostáisiún teasa aonair agus foinsí maoinithe don tsuiteáil agus cruthaítear sásraí chun dúsháinn a sheachaint. I gcás cláir infheistíochta a dhéantar ar thionscnamh eagraíochta iompair teasa, soiléirítear leis an dlí go dtabharfaidh an eagraíocht sin fógra do na húinéirí foirgnimh, a bhfuil 3 mhí acu chun freagra a thabhairt, go bhfuil sé ar intinn aici fostáisiúin teasa aonair a shuiteáil. I gcás nach dtugtar freagra, tá feidhm ag an toiliú intuigthe. Soláthraítear sainmhíniú dlíthiúil ar fhostáisiún teasa aonair freisin in Airteagal 1 de Dhlí Uimh. 2633-IV/2005, arna leasú le hAirteagal 1 de Dhlí Uimh. 4937-IV. Chun go measfaí gur fostáisiún teasa aonair é, ba ghá rialú aonair uathoibríoch ar mhodhanna ídithe teasa a shuiteáil chun cianrialú agus bainistiú éilimh a áirithiú.

Le rún Uimh. 1823 an 5 Deireadh Fómhair 2023, arna leasú le rúin Uimh. 1140 an 19 Meitheamh 2024 agus Uimh. 370 an 10 Márta 2026, ghlac NEURC an nós imeachta um nascadh leis an líonra téimh. Maidir le dínascadh, sainítear ar bhealach níos fearr i rún NEURC Uimh. 888 an 18 Meitheamh 2025 cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe i gconarthaí

soláthair teasa, mar shampla foirceannadh conartha a cheadú i gcás neamhíocaíochta, seachas i gcás tomhaltóir a bhfuil toirmeasc ar an dínascadh ina leith de réir dlí (Airteagal 4.3) agus trína cheangal go ndéanfar foirceannadh an tsoláthair teasa, más indéanta go teicniúil, laistigh de 5 lá oibre tar éis iarraidh an tomhaltóra ar an dínascadh (Airteagal 6).
Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 11.3

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm an dlí maidir le sábháilteacht tráchta agus idir-inoibritheacht iompar iarnróid na hÚcráine agus feidhm ag an dlí sin laistigh de 3 bliana ó dháta a ghlactha
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 3. Léirscaoileadh na hearnála iompair d'iarnród
Arna maoiniú ó: iasacht
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 11.3 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'Teacht i bhfeidhm an dlí "Maidir le Sábháilteacht Tráchta agus Idir-Inoibritheacht Iompar Iarnróid na hÚcráine" agus feidhm ag an dlí sin laistigh de 3 bliana ó dháta a ghlactha. Leis an dlí áirithítear comhtháthú teicniúil an iompair ar iarnród i gcomhréir le prionsabail Threoracha 2016/798, 2016/797 agus Rialachán 2016/796 agus dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:* - *údarás náisiúnta um shábháilteacht iarnróid a bhunú agus na cumhachtaí agus na feidhmeanna a shanntar dó le reachtaíocht an Aontais a dhílsiú dó;* - *creat dlíthiúil a thabhairt isteach maidir le deimhniúchán sábháilteachta gnóthas iarnróid agus maidir le húdarú sábháilteachta bainisteoirí bonneagair;* - *comhlacht náisiúnta imscrúdúcháin a bhunú agus imscrúdú teicniúil ar thionóiscí iarnróid a thabhairt isteach;* - *an creat dlíthiúil maidir le húdarú feithiclí agus bonneagair a bhunú bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla le haghaidh na hidir-inoibritheachta;* - *creat dlíthiúil a bhunú maidir le deimhniúchán tiománaithe traenach, bunaithe ar shamhail an Aontais.'* Is í céim 11.3 an chéad chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 3 de Chaibidil 11 (an earnáil agraibhia). Ina dhiaidh sin tá céim 11.9 (atá dlite faoi R3 2026) maidir le Plean Gníomhaíochta a ghlacadh chun iompar lasta agus paisinéirí a thabhairt isteach de réir a chéile sa mhargadh iarnróid, céim 11.8 (atá dlite faoi R4 2026) maidir le teacht i bhfeidhm reachtaíochta maidir le heagrú iompair paisinéirí atá tábhachtach go sóisialta d'iarnród agus formhaoirseacht institiúideach agus céim 11.4 (atá dlite faoi R3 2027) maidir le glacadh na bhfodhlíthe chun an reachtaíocht maidir le hiompar iarnróid a chur chun feidhme.
An fhianaise a soláthraíodh 1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; 2) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4904-IX 'Maidir le Sábháilteacht agus Idir-inoibritheacht in Iompar Iarnróid na hÚcráine' dar dáta an 9 Meitheamh 2026.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 11.3.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 3 de Chaibidil 11 (iompar) margadh iarnróid iomaíoch a chruthú i gcomhréir le caighdeáin an Aontais Eorpaigh.

An 9 Meitheamh 2026, ghlac Parlaimint na hÚcráine Dlí Uimh. 4904-IX na hÚcráine 'Maidir le Sábháilteacht agus Idir-inoibritheacht in Iompar Iarnróid na hÚcráine' (dá ngairtear anseo feasta: an Dlí). Cruthaítear leis an Dlí na forais dhlíthiúla chun earnáil iarnróid na hÚcráine a chomhtháthú go teicniúil sa Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid i gcomhréir le prionsabail Threoracha 2016/798, 2016/797, agus Rialachán 2016/796. Is réamhriachtanas tábhachtach é chun léirscaoileadh níos déanaí a dhéanamh ar an margadh iompair iarnróid san Úcráin i gcomhréir le samhail an Aontais.

Bunaítear leis an dlí údarás náisiúnta sábháilteachta iarnróid agus dílsítear dó na cumhachtaí agus an fheidhm a shanntar dó le reachtaíocht an Aontais. An comhlacht feidhmiúcháin lárnach a chuireann beartas stáit chun feidhme i réimse an iompair iarnróid (dá ngairtear anseo feasta: an comhlacht cur chun feidhme), gníomhóidh sé mar údarás sábháilteachta iarnróid. Déanfaidh an comhlacht cur chun feidhme an méid seo a leanas, i measc nithe eile: ceadúnais agus deimhnithe a eisiúint, maoirseacht stáit a chur chun feidhme agus sábháilteacht tráchta a rialú. Tá sé de cheart ag an gcomhlacht cur chun feidhme cigireachtaí a thionscnamh agus a dhéanamh agus rialacha sonraithe a fhorfheidhmiú in earnáil an iompair iarnróid, i measc nithe eile. Is é sealbhóir na gclárlann rothstoic agus bonneagair iompair iarnróid agus chlár na ndeimhnithe tiománaí é. Déanann an comhlacht cur chun feidhme comhar idirnáisiúnta a chur i gcrích de réir a inniúlachtaí.

Leis an dlí, tugtar isteach creat dlíthiúil le haghaidh deimhniúchán sábháilteachta gnóthas iarnróid agus údarú sábháilteachta bainisteoirí bonneagair. Sonraítear sa dlí na nósanna imeachta chun deimhniú sábháilteachta a fháil, a athnuachan agus a fhoirceannadh, lena leagtar amach an doiciméadacht, na critéir mheasúnaithe, na táillí, na hamlínte agus na céimeanna nós imeachta nach mór don chomhlacht cur chun feidhme a leanúint. Sonraítear ann freisin oibleagáidí tuairiscithe, clár poiblí a choinneáil ar bun agus na cumhachtaí maoirseachta chun cigireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus deimhnithe a chúlghairm.

Leis an dlí, bunaítear comhlacht náisiúnta imscrúdúcháin agus tugtar isteach imscrúdú teicniúil ar thionóiscí iarnróid. Tugann sé de chumhacht don Bhiúró Náisiúnta um Imscrúdú ar Thionóiscí san Iompar tionóiscí iarnróid a imscrúdú. Bunófar imscrúdú teicniúil ar thionóiscí agus díreofar ar na cúiseanna a chinneadh, ar chórais bainistithe sábháilteachta tráchta a fheabhsú agus ar bhearta coisctheacha a chur chun feidhme.

Sonraítear sa dlí an nós imeachta maidir le bonneagar iarnróid a údarú agus sainítear ann na buncheanglais maidir le rothstoc a údarú ar bhonn sonraíochtaí teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht.

Leis an dlí, bunaítear creat dlíthiúil maidir le deimhniúchán tiománaithe traenach, creat atá bunaithe ar shamhail an Aontais. Leis sin, cuirtear chun feidhme an córas dé-dheimhniúcháin (ceadúnas tiomána traenach agus deimhnithe comhlántachta) le haghaidh tiománaithe traenach agus leagtar síos na ceanglais maidir le deimhniú tiománaithe traenach a fháil i gcomhréir leis na prionsabail a leantar san Aontas. Sonraítear sa dlí freisin

ceanglais maidir le haitheantas a thabhairt d'ionaid oiliúna.
Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 12.6

Ainm na céime: Foilsiú na tuarascála ar chur chun feidhme na tacaíochta stáit tríd an gClár Talmhaíochta poiblí
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 4. Feabhas a chur ar chlár leictreonach poiblí oifigiúil na bhfeirmeacha
Arna maoiniú ó: iasacht
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 12.6 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'An tuarascáil maidir le cur chun feidhme na tacaíochta stáit trí SAR a chur isteach, ar tuarascáil í ina léirítear gur trí Chlár Talmhaíochta an Stáit (SAR) a sholáthair institiúidí an rialtas láir 80 % ar a laghad den tacaíocht phoiblí in earnáil na talmhaíochta in 2025.'* Is í céim 12.6 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 4 de Chaibidil 12 (an earnáil agraibhia). Rinneadh measúnú dearfach ar chéim 12.5 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta i dtaca le Clár Talúntais an Stáit mar chuid den tríú tráthchuid (R4 2024).
An fhianaise a soláthraíodh 1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; 2) Cóip den tuarascáil 'Maidir le cur chun feidhme chéim 12.6 "Tacaíocht a chur chun feidhme trí SAR"'; 3) Cóip den iarscríbhinn 'Faisnéis maidir le tacaíocht a soláthraíodh do tháirgeoirí talmhaíochta in 2025' a ghabhann leis an tuarascáil 'Maidir le cur chun feidhme chéim 12.6 "Tacaíocht a chur chun feidhme trí SAR"'.
Anailís Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 12.6. Is é is cuspóir d'Athchóiriú 4 clár leictreonach poiblí oifigiúil na bhfeirmeacha (i.e. Clár Talúntais an Stáit) a chur ar bhonn foirmiúil agus feabhas a chur air. Ag tús 2025, tháinig reachtaíocht nua maidir le Clár Talúntais an Stáit (SAR) i bhfeidhm lenar leathnaíodh cumhdach SAR ar fud an tslabhra luacha talmhaíochta ar fad lena n-áirítear táirgeoirí talmhaíochta, próiseálaithe agus eagraíochtaí úsáideoirí uisce. Thairis sin, rinneadh réamhchoinníoll de chlárú in SAR chun tacaíocht phoiblí a fháil san earnáil talmhaíochta. Chuir an Úcráin tuarascáil isteach ina raibh faisnéis mhionsonraithe maidir leis an tacaíocht phoiblí a soláthraíodh do tháirgeoirí talmhaíochta in 2025. Liostaítear sa tuarascáil seacht gclár buiséid trínar chuir na hinstitiúidí rialtais láir tacaíocht phoiblí ar fáil san earnáil

talmhaíochta in 2025. Is iad seo a leanas na cláir sin:

- Tacaíocht d'Fheirmeacha agus do Tháirgeoirí Talmhaíochta Eile (cód buiséid: 1201100)
- Tacaíocht Airgeadais do Tháirgeoirí Talmhaíochta (cód buiséid: 1201150)
- Soláthar Iasachtaí d'Fheirmeacha (cód buiséid: 1201200)
- Cúiteamh páirteach as Costas Innealra agus Trealaimh Talmhaíochta a Tháirgtear sa Bhaile (cód buiséid: 1201310)
- Clár Deontais le haghaidh Bunú nó Forbairt Gnó (cód buiséid: 1201350)
- Cúiteamh as Costais a bhaineann le Dímhianú Daonnúil ar Thalamh Talmhaíochta (cód buiséid: 1201420)
- Oibriú an Chiste Forbartha Fiontraíochta a áirithiú (cód buiséid: 1201450)

Tagtar ar an gconclúid sa tuarascáil go bhfuair 37 785 eintiteas san iomlán san earnáil talmhaíochta tacaíocht phoiblí in 2025 dar luach UAH 5,944 billiún (EUR 127 milliún) san iomlán. As an ngrúpa sin, tá 37 523 eintiteas a chomhfhreagraíonn do 99.3 faoin gcéad d'iomlán na n-eintiteas cláraithe i gClár Talúntais an Stáit. Fuair na heintitis chláraithe méid iomlán UAH 5,941 billiún (EUR 127 milliún) i dtacaíocht phoiblí a chomhfhreagraíonn do 99,9 faoin gcéad den tacaíocht iomlán a soláthraíodh.

I bhfianaise chineál sonrach agus raon feidhme an bhirt tacaíochta, i gcás inar soláthraíodh an cúnamh airgeadais d'fheirmeacha teaghlaigh i bhfoirm íocaíocht bhreise le hárachas sóisialta stáit, níor cláraíodh in SAR 262 eintiteas a fuair tacaíocht. Fuair na heintitis lena mbaineann UAH 3,5 milliún (EUR 75 000) san iomlán ón mbeart atá mar chuid den chlár 'Tacaíocht airgeadais do tháirgeoirí talmhaíochta'. Rinne Seirbhís Cánach Stáit na hÚcráine an beart tacaíochta a riar agus a bhainistiú.

Mar chuid de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1204 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2026 lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha maidir le híocaíocht pháirteach an seachtú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin agus lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, cuireadh an chéim sin san áireamh mar thoisc mhaolaitheach, i gcomhréir leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh páirteach na gcéimeanna faoi Phlean na hÚcráine, chun críocha chur i bhfeidhm an Chinnidh sin agus chun na gcríoch sin amháin. Níor tháinig aon athrú ar an measúnú ar an gcéim sin ó glacadh an Cinneadh sin.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Measúnú ar chomhlíonadh sásúil trí chéim sa naoú tráthchuid a moladh mar thosca maolaitheacha i gcomhréir leis an modheolaíocht chun comhlíonadh páirteach na gcéimeanna i bPlean na hÚcráine a láimhseáil, chun críche a chur i bhfeidhm, agus chun na críche sin amháin

Céim 5.5

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm gníomhartha dlí chun feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 3. Feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 5.5 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'*Teacht i bhfeidhm na ngníomhartha dlíthiúla lena gcuirfear chun feidhme moltaí na straitéise um iasachtaí neamhthuillmheacha a réiteach trína gcuirfear feabhas ar an gcóras réitithe iasachtaí neamhthuillmheacha. Tá sé d'aidhm ag na gníomhartha dlí sin go háirithe an méid seo a leanas a dhéanamh:*

- *feabhas a chur ar an sainmhíniú ar iasachtaí neamhthuillmheacha agus ceanglais maidir le hathstruchtúrú coisctheach a chur chun feidhme, i gcomhréir le prionsabail acquis an Aontais;*
- *an ceanglas atá ar bhainc pleananna agus straitéisí a thabhairt cothrom le dáta agus a thíolacadh chun déileáil le hiasachtaí neamhthuillmheacha a athbhunú;*
- *feabhas a chur ar an nós imeachta chun iontaobhaí féimheachta a roghnú agus maoirseacht a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí agus chun ceantanna a stiúradh chun maoin an fhéimhigh a dhíol;*
- *feabhas a chur ar an nós imeachta féimheachta agus ar an rochtain ar nósanna imeachta féimheachta agus athstruchtúraithe do dhaoine aonair, do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga;*
- *coimircí a thabhairt isteach i gCód na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta chun gníomhaíochtaí calaoiseacha rannpháirtithe a chosc agus chun tionchar pháirtithe gaolmhara an fhéichiúnaí ar imeachtaí féimheachta a theorannú;*
- *feabhas a chur ar an reachtaíocht maidir le bailiú fiach agus cóireáil fiachais*
- *coinníollacha rialála a thabhairt isteach san Úcráin lena dtabharfar tús áite d'fhorbairt agus d'oibriú mhargadh na n-iasachtaí neamhthuillmheacha, agus lena meallfar infheistíocht choigríche chuig an margadh sin.*'

Is é céim 5.5 an dara céim de dhá chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 3 i gCaibidil 5 (margaí airgeadais).

An fhianaise a soláthraíodh

1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
2) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4833-IX an 7 Aibreán 2026 maidir le Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine maidir le Feabhas a chur ar an Nós Imeachta i ndáil le Cinntí Cúirte a Fhorfheidhmiú, Cinntí ó Chomhlachtaí Eile agus Digiteáil Céimeanna Áirithe d'Imeachtaí Forfheidhmiúcháin;
3) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 3985-IX an 19 Meán Fómhair 2024 maidir le Leasuithe ar Chód na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta agus Gníomhartha Reachtacha Eile de chuid na hÚcráine i ndáil le Cur Chun Feidhme Threoir 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus i ndáil le Nósanna Imeachta um Athstruchtúrú Coisctheach a thabhairt isteach;
4) Cóip de Rún Uimh. 1566 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 3 Nollaig 2025 maidir le Leasuithe ar an Nós Imeachta chun Ceantanna a Eagrú agus a Sheoladh

chun Maoin Fiachóirí a Dhíol i gCásanna Féimheachta (Dócmhainneacht);

5) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4863-IX an 29 Aibreán 2026 maidir le Leasuithe ar Chód Sibhialta na hÚcráine i ndáil le Rialáil Caidreamh i Réimse na Monarchana;
6) Cóip de Rún Uimh. 12 ó Bhord Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 7 Feabhra 2025 maidir le Formheas Leasuithe ar na Rialacháin maidir le hEagrú an Phróisis Bainistithe um Shócmhainní Achrannacha i mBainc na hÚcráine;
7) Cóip de Rún Uimh. 351 ó Bhord Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 30 Meitheamh 2016 maidir le Formheas na Rialachán maidir le Cinneadh Mhéid an Riosca Creidmheasa ag Bainc na hÚcráine le haghaidh Idirbhearta Baincéireachta Gníomhacha;
8) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4466-IX an 3 Meitheamh 2025 maidir le Fachtóireacht;
9) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 2923-IX maidir le Cúiteamh i leith Damáiste do Chatagóirí Áirithe Réadmhaoine agus Díothú Catagóirí Áirithe Réadmhaoine mar thoradh ar Chogaíocht dar dáta an 23 Feabhra 2023;
10) Cóip de Dhlí na hÚcráine Uimh. 4340-IX maidir le Leasuithe ar Fhorálacha Críochnaitheacha agus Idirthréimhseacha Chód Sibhialta na hÚcráine maidir le Sonraíochtaí Iasachtaithe agus Léasaithe Airgeadais le linn Thréimhse an Dlí Airm dar dáta an 27 Márta 2025.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 5.5. Is é is cuspóir d'Athchóiriú 3 feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha. Tá na gníomhartha dlí lena gcuirtear chun feidhme moltaí na straitéise maidir le réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha lena bhfeabhsaítear an córas um réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha tugtha i bhfeidhm ag údaráis na hÚcráine, mar a thuairiscítear thíos.

An feabhas a cuireadh ar an sainmhíniú ar iasachtaí neamhthuillmheacha i gcomhréir le prionsabail *acquis* an Aontais, cuireadh chun feidhme é trí leasuithe ar chreat rialála Bhanc Náisiúnta na hÚcráine. Go háirithe, le Rún Uimh. 12 ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 7 Feabhra 2025 leasaíodh an '*Rialachán maidir le hEagrú an Phróisis Bainistithe um Shócmhainní Achrannacha i mBainc na hÚcráine*', agus cuireann an creat riosca creidmheasa is infheidhme leis na ceanglais a bunaíodh faoi Rún Uimh. 351 ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 30 Meitheamh 2016. Leathnaíodh catagóir na sócmhainní neamhthuillmheacha chun sócmhainní nach bhfuil ar mainneachtain ach atá lagaithe i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) a chuimsiú, lena n-áirítear sócmhainní a lagaíodh tráth na haitheanta tosaigh (Sócmhainní Ceannaithe nó Tionscanta a bhfuil Fadhbanna Creidmheasa acu). Soiléiríodh na ceanglais maidir le scor de shócmhainní a aicmiú mar shócmhainní neamhthuillmheacha. Go sonrach, cuireadh síneadh leis an tréimhse chun faireachán a dhéanamh ar shócmhainní neamhthuillmheacha roimh athrú ar stádas, agus rinneadh na ceanglais maidir le rialú cáilíochta sócmhainní a dhaingniú. Le tabhairt isteach na forála seo, neartaítear an creat chun faireachán a dhéanamh ar shócmhainní neamhthuillmheacha agus chun iad a réiteach.

Cuireadh chun feidhme athbhunú an cheanglais ar bhainc pleananna agus straitéisí chun déileáil le hiasachtaí neamhthuillmheacha a thabhairt cothrom le dáta agus a chur isteach agus moltaí a sholáthar atá bunaithe ar thorthaí a n-anailíse trí leasuithe ar Rialachán ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine 'Maidir le hEagrú an Phróisis Bainistíochta um Shócmhainní Achrannacha i mBainc na hÚcráine', arna fhormheas le Rún Uimh. 97 ó Bhanc Náisiúnta

na hÚcráine an 18 Iúil 2019. Glacadh na leasuithe ábhartha le Rún Uimh. 12 ó Bhanc Náisiúnta na hÚcráine an 7 Feabhra 2025 agus tháinig siad i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026. Faoin Rialachán leasaithe, ní mór do bhainc a straitéisí le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha agus a bpleananna díolacháin a thabhairt cothrom le dáta, agus iad a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil ina dhiaidh sin.

Le Dlí Uimh. 3985-IX, tugadh isteach na leasuithe ábhartha ar Chód na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta, lena n-áirítear an creat um athstruchtúrú coisctheach agus athchóirithe gaolmhara ar nós imeachta féimheachta. Léirítear na hathruithe in airteagail lena gcumhdaítear na ceanglais don bhainisteoir eadrána, cearta agus dliteanais an bhainisteora eadrána, an rialú ar ghníomhaíochtaí bainisteoirí eadrána, na pionóis araíonachta, ceapadh agus cur as oifig an bhainisteora eadrána agus fionraí shealadach an chirt chun gníomhaíochtaí an bhainisteora eadrána a chur i gcrích. Neartaíonn na hathruithe sin freagracht an bhainisteora eadrána as a ndualgais a chomhlíonadh, forchuireann siad ceanglais bhreise ar bhainisteoirí eadrána agus rialaíonn siad a gcearta agus a mbearta forfheidhmiúcháin i gcás sáruithe. Rinneadh na nósanna imeachta ríomhcheantála mionsonraithe a ailíniú ina dhiaidh sin leis an gCód leasaithe trí Rún Uimh. 1566 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 3 Nollaig 2025, a tháinig i bhfeidhm an 10 Nollaig 2025.

Na bearta a shainaithnítear sa Straitéis maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha i ndáil le feabhas a chur ar an nós imeachta agus ar an rochtain ar nósanna imeachta féimheachta agus athstruchtúraithe do dhaoine aonair, do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga, cuireadh chun feidhme iad trí Dhlí Uimh. 3985-IX an 19 Meán Fómhair 2024 agus trí na leasuithe cur chun feidhme ina dhiaidh sin ar an gcreat ríomhcheantála a tugadh isteach le Rún Uimh. 1566 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 3 Nollaig 2025. Leis na hathruithe sin, tugtar isteach rialacha níos solúbtha agus níos intuartha maidir le sócmhainní a dhíol in imeachtaí féimheachta. Soiléirítear leo stiúradh agus toradh na gceantanna, lena n-áirítear láimhseáil na dtáillí ráthaíochta, oibleagáidí an tairgeora bhuaitigh agus an nós imeachta atá le leanúint i gcás ina ndiúltaíonn an buaiteoir an ceannach a chur i gcrích. I gcásanna den sórt sin, sainaithnítear go huathoibríoch leis an gcóras trádála leictreonach an tairgeoir a thairgeann an chéad phraghas eile is airde, agus bíonn ceantanna teipthe faoi réir nós imeachta sainithe chun a dtoradh a chinneadh. Foráiltear leis na leasuithe freisin nach gcuirfidh urghabhálacha ná srianta eile ar mhaoin fhéimheach, i gcás ina nochtar i gceart iad san fhógra ceant, cosc ar an gceant ná ar chur i gcrích an díolacháin.

Ina theannta sin, rinneadh Rún Uimh. 865 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine dar dáta an 2 Deireadh Fómhair 2019, 'Eisiúintí d'Feidhmiú an Chórais Trádála Leictreonaigh chun Maoin Fiachóirí a Dhíol in Imeachtaí Féimheachta', a thabhairt i gcomhréir le Cód nuashonraithe na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta. Tugadh na leasuithe faoi seach isteach le Rún Uimh. 1566 Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 3 Nollaig 2025. Go sonrach, chuir siad an nós imeachta ríomhcheantála faoi Rún Uimh. 865 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine i gcomhréir le Cód nuashonraithe na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta trína chur i bhfeidhm a leathnú chuig imeachtaí um athstruchtúrú coisctheach agus trí ról comhfhreagrach an riarthóra um athstruchtúrú coisctheach a thabhairt isteach. Na rialacha lena rialaítear táillí ráthaíochta, na hiarmhairtí a bhaineann le diúltú buaiteora ceannach, agus aistriú an stádais bhuaitigh chuig an rannpháirtí a thairgeann an chéad phraghas eile is airde, rinneadh iad a ailíniú le forálacha athbhreithnithe an Chóid, lena n-áirítear giniúint uathoibríoch prótacail nua maidir le torthaí ceantála. Leis na leasuithe, tugadh ceanglais nós imeachta cothrom le dáta freisin

maidir le fógraí ceant, iarratais ar rannpháirtíocht, síniú agus foilsiú prótacal maidir le torthaí ceantála, agus díol maoine urghafa nó ualaithe.
Ina theannta sin, tugadh coimircí isteach i gCód na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta chun gníomhaíochtaí calaoiseacha rannpháirtithe a chosc agus chun tionchar pháirtithe gaolmhara an fhéichiúnaí ar imeachtaí féimheachta a theorannú. Baineadh é sin amach trí leasuithe ar Airteagail 45 agus 47 de Chód na hÚcráine maidir le Nósanna Imeachta Féimheachta a tugadh isteach le Dlí Uimh. 3985-IX an 19 Meán Fómhair 2024. Leis na leasuithe sin, neartaítear coimircí in aghaidh coinbhleachtaí leasa in imeachtaí féimheachta trína cheangal ar chreidiúnaithe aon leas san fhéichiúnaí nó aon ghaol leis a nochtadh agus éilimh in aghaidh an fhéichiúnaí á gcur isteach acu. Foráiltear leis freisin nach mbeidh vóta cinntitheach ag creidiúnaithe a bhfuil leas acu i maoin an fhéichiúnaí ag cruinnithe creidiúnaithe ná ag cruinnithe choiste na gcreidiúnaithe, rud a chuirfidh teorainn lena dtionchar ar chinntí sna himeachtaí.

Cuireadh feabhas freisin ar an reachtaíocht maidir le bailiú fiach agus cóireáil fiachais. Is é sin le rá, le Dlí na hÚcráine Uimh. 2923-IX ‘Maidir le Cúiteamh i leith Damáiste do Chatagóirí Áirithe Réadmhaoine agus Díothú Catagóirí Áirithe Réadmhaoine mar thoradh ar Chogaíocht’ dar dáta an 23 Feabhra 2023, a tháinig i bhfeidhm an 22 Bealtaine 2023, soláthraítear creat le haghaidh cúitimh i leith réadmhaoin áirithe a ndearnadh damáiste di nó a scriosadh agus, ar an gcaoi sin, tacaítear le láimhseáil comhthaobhachta a bhfuil tionchar ag an gcogadh uirthi agus le neamhchosaintí fiachais gaolmhara. Le Dlí na hÚcráine Uimh. 4340-IX ‘Maidir le Leasuithe ar Fhorálacha Críochnaitheacha agus Idirthréimhseacha Chód Sibhialta na hÚcráine maidir le Sonraíochtaí Iasachtaithe agus Léasaithe Airgeadais le linn Thréimhse an Dlí Airm’ dar dáta an 27 Márta 2025, a tháinig i bhfeidhm an 10 Lúnasa 2025, bunaítear sásra moratóra shealadaigh le haghaidh iasachtaithe cáilitheacha a ndéanann cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine difear dóibh, lena n-áirítear gnólachtaí áirithe a ndéantar difear dá sócmhainní agus dá ngníomhaíocht. Glacadh Dlí na hÚcráine Uimh. 4833-IX ‘Maidir le Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine maidir le Feabhas a chur ar an Nós Imeachta i ndáil le Cinntí Cúirte a Fhorfheidhmiú, Cinntí ó Chomhlachtaí Eile agus Digiteáil Céimeanna Áirithe d’Imeachtaí Forfheidhmiúcháin’ sa Verkhovna Rada an 7 Aibreán 2026 agus tháinig forálacha áirithe i bhfeidhm níos luaithe, an 24 Aibreán 2026 agus an 23 Bealtaine 2026. Beidh sé i bhfeidhm go hiomlán ón 23 Deireadh Fómhair 2026. I dteannta a chéile, neartaíonn na bearta sin an creat maidir le cóireáil fiachais agus aisghabháil fiach trí aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí an scriosta agus an chaillteanais sócmhainní táirgiúla a bhaineann leis an gcogadh, agus rialacha níos soiléire á soláthar an tráth céanna d’iasachtaithe agus do chreidiúnaithe a ndéanann imthosca den sórt sin difear dóibh. I dteannta a chéile, tugtar aghaidh leis na bearta ar na gnéithe bailithe fiach agus cóireála fiachais a shainaithnítear sa straitéis maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha.

Ar deireadh, tugadh isteach coinníollacha rialála atá fabhrach d’fhorbairt agus d’oibriú an mhargaidh iasachtaí neamhthuillmheacha. Cuireadh é sin chun feidhme trí Dhlí na hÚcráine Uimh. 4466-IX ‘Maidir le Fachtóireacht’ dar dáta an 3 Meitheamh 2025, a tháinig i bhfeidhm an 30 Iúil 2025 agus a cuireadh i bhfeidhm ón 30 Iúil 2026, tar éis theacht i bhfeidhm Dhlí na hÚcráine Uimh. 4863 an 29 Aibreán 2026 ‘Maidir le Leasú Fhorálacha Chód Sibhialta na hÚcráine maidir le Caidreamh sa Ghnó Fachtóireachta’. Bunaítear leis an gcéad dlí creat dlíthiúil nua le haghaidh fachtóireachta agus soiléirítear leis an creat dlíthiúil chun éilimh airgeadaíochta a shannadh agus a fhorfheidhmiú, agus lena leasuithe ar reachtaíocht baincéireachta agus ar reachtaíocht maidir le creidmheas tomhaltóirí, bunaítear rialacha lena rialaítear aistriú éileamh creidmheasa áirithe chuig

creidiúnaithe nua incháilithe. Leis an dara dlí, déantar forálacha ábhartha an Chóid Shibhialta a ailíniú leis an gcreat nua sin, rud a chruthaíonn soiléireacht dhlíthiúil agus intuarthacht níos fearr do rannpháirtithe sa mhargadh. Is é is aidhm do na bearta sin forbairt agus oibriú an mhargaidh fachtóireachta a éascú agus creat dlíthiúil níos soiléire a chruthú do rannpháirtithe sa mhargadh.
Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 7.20

Ainm na céime: Glacadh an Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026-2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse go dtí 2030
Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 6. Feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh saothair
Comhthéacs Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 7.20 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle: *'Glacadh agus foilsiú ar shuíomh gréasáin Chomh-Aireacht na nAirí an Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026–2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse go dtí 2030'.* Is é céim 7.20 an tríú céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 6 de Chaibidil 7 (Caipiteal Daonna) a bhaineann le Glacadh an Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026-2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse go dtí 2030. Roimhe sin bhí céim 7.6 (glacadh na Straitéise um Fhorbairt Dhéimeagrafach don tréimhse suas go dtí 2040) a ndearnadh measúnú dearfach uirthi in R3 2024, agus Céim 7.7 (glacadh na Straitéise um Fhostaíocht Daonra) a ndearnadh measúnú dearfach uirthi in R4 2026. Ina dhiaidh sin, beidh céim 7.21 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde.
An fhianaise a soláthraíodh 1) Doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle; 2) Cóip d'Ordú Uimh. 504-p ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine 'Maidir le formheas an Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026-2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse go dtí 2030' dar dáta an 27 Bealtaine 2026.
Anailís Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de chéim 7.20. Is é is cuspóir d'Athchóiriú 6 de Chaibidil 7 (caipiteal daonna) cur le feidhmiú an mhargaidh saothair. Chuige sin, ghlac Comh-Aireacht Airí na hÚcráine Ordú Uimh. 504-p an 27 Bealtaine 2026 'Maidir le formheas an Phlean Oibríochtúil Beart maidir le cur chun feidhme in 2026-2028 na Straitéise Náisiúnta chun an Bhearna Phá idir na hInscní a Shárú le haghaidh na tréimhse go dtí 2030' (dá ngairtear an 'plean oibríochtúil' anseo feasta). Tá an plean oibríochtúil i gceangal le hOrdú formheasta Uimh. 504-p. Leagtar amach sa phlean oibríochtúil don tréimhse 2026-2028 creat struchtúrtha atá

ábhartha ó thaobh beartais de arb é is aidhm dó comhionannas inscne a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar phá comhionann, ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, ar chuimsiú oideachais agus ar rochtain ar oideachas agus cúram na luath-óige. Comhfhreagraíonn na bearta atá beartaithe do ghealltanais ábhartha idirnáisiúnta agus Eorpacha sna réimsí lena mbaineann.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 15.11

Ainm na céime: Glacadh leasuithe ar an Nós Imeachta um Fhaireachán ar Uisce Stáit

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 4: Athchóiriú agus caomhnú acmhainní nádúrtha.

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 15.11 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'Glacadh leasuithe ar Rún an 19 Meán Fómhair 2018 Uimh. 758 maidir leis an Nós Imeachta um Fhaireachán ar Uisce Stáit i gcomhréir le prionsabail Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce agus Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoracha 82/176/CEE, 83/513/CEE, 84/156/CEE, 84/491/CEE, 86/280/CEE ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.'

Is é céim 15.11 ceann amháin de dhá chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 4 i gCaibidil 15 (an tAistriú Glas agus Cosaint an Chomhshaoil).

An fhianaise a soláthraíodh

1) Cóip de Rún Uimh. 754 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 10 Meitheamh 2026, 'Maidir le Leasuithe ar an Nós Imeachta um Fhaireachán ar Uisce Stáit'.
2) Cóip de Chúiréir Rialtais Uimh. 125, dar dáta an 16 Meitheamh 2026, ina bhfoilsítear an Rún.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 15.11.

An 10 Meitheamh, ghlac an Rialtas Rún Uimh. 754 lena leasaítear an Nós Imeachta um fhaireachán ar uisce stáit (https://www.kmu.gov.ua/npas/pro-vnesennia-zmin-do-poriadku-zdiisnennia-derzhavnoho-monitorynhu-s754100626), lena n-ailínítear é leis na ceanglais sa tuairisc ar an gcéim.

Sa Rún a glacadh, tá paraiméadair an liosta faire atá ag teacht le paraiméadair Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/439 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2025 lena mbunaítear liosta faire de shubstaintí a ndéanfar faireachán orthu ar fud an Aontais i réimse an bheartais uisce de bhun Threoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

gComhairle. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh dáta theacht i bhfeidhm an Rúin in 2029 toisc go bhfuil an cinneadh seo nasctha leis an dara timthriall pleanála um Pleananna Bainistíochta Abhantraí. Feidhmíonn Pleananna Bainistíochta Abhantraí ar thimthriall pleanála leanúnach 6 bliana a shainordaítear leis an Treoir Réime Eorpach maidir le hUisce. San Úcráin, glacadh Pleananna Bainistíochta Abhantraí lena gcumhdaítear an chéad timthriall pleanála 2025-2030 ag deireadh 2024 agus tá siad á gcur chun feidhme anois. Tá Rún 754 ón Rialtas ar cheann de na céimeanna chun ullmhú d'ailíniú breise an chórais faireacháin uisce san Úcráin le ceanglais an Aontais chun a áirithiú go dtosóidh sé d'fheidhm a bheith aige ón dara timthriall pleanála um Pleananna Bainistíochta Abhantraí. Is é is cuspóir d'Athchóiriú 4 dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise a laghdú.
Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil